
Coimisiún na Meán

# An chaoi le hábhar mídhleathach a thuairisciú ar aip YouTube

YouTube

**1**

Chun físeán a thuairisciú ar Youtube ar do ghuthán, beidh ort logáil isteach.




**2**

Más mian leat ábhar i bhfíseán a thuairisciú a measann tú go mbriseann sé an dlí, faoin bhfíseán ar mhaith leat a thuairisciú, tapáil ar an mbratach **thuairiscithe** (b'fhéidir go mbeidh ort scrollú trasna chuige sin mura bhfuil sé le feiceáil ar dtús).

**Séanadh:** Cuireann na treoracha seo samplaí agus faisnéis ar fáil chun cabhrú leis an bpobal na modhanna tuairiscithe ar YouTube a thuiscint ó Mheán Fómhair 2025. Léirithe amháin atá iontu, ní comhairle dlí iad agus ní léiríonn siad tuairimí ná barúlacha Choimisiún na Meán, lena n-áirítear cibé an gcomhlíonann na modhanna tuairiscithe na ceanglais rialála ábhartha nó nach gcomhlíonann. Ó am go ham, d'fhéadfadh modhanna tuairiscithe ar Youtube athrú agus déanfaimid iarracht na treoracha seo a choinneáil cothrom le dáta.


Coimisiún na Meán

# An chaoi le hábhar mídhleathach a thuairisciú ar aip YouTube

YouTube

3

Nuair a scrollaíonn tú síos, is féidir leat **saincheist dhlíthiúil** a roghnú.




Coimisiún na Meán

# An chaoi le hábhar mídhleathach a thuairisciú ar aip YouTube

YouTube

4

Ansin gheobhaidh tú an roghchlár anuas seo de chatagóirí a léiríonn cineálacha éagsúla ábhair a d'fhéadfadh a bheith mídhleathach. Is féidir leat cibé cúis is mó a bhaineann leis an ábhar ar mhaith leat a thuairisciú a roghnú, nó is féidir leat **Saincheist dhlíthiúil eile** a roghnú.




Coimisiún na Meán

# An chaoi le hábhar mídhleathach a thuairisciú ar aip YouTube

YouTube

5

Bunaithe ar an tsaincheist dhlíthiúil ar mhaith leat a thuairisciú, d'fhéadfadh na foirmeacha a bheith éagsúil. Má roghnaíonn tú 'Saincheist Dhlíthiúil Eile' gheobhaidh tú an fhoirm um thuairisciú neamhdhleathachta seo. Líon isteach do chuid sonraí.




Coimisiún na Meán

# An chaoi le hábhar mídhleathach a thuairisciú ar aip YouTube

YouTube

6

Nuair a bhrúnn tú ar an gcnaipe leis na sonraí a chur isteach, gheobhaidh tú ríomhphost uathoibrithe le huimhir thagartha a d'fhéadfadh a bheith cosúil leis seo




Coimisiún na Meán

# An chaoi le hábhar mídhleathach a thuairisciú ar aip YouTube

YouTube

**7**

Tar éis cúpla lá, gheobhaidh tú ríomhphost ina gcuirfear toradh do thuairisce in iúl duit. Má aontaíonn an t-ardán go bhfuil an t-ábhar mídhleathach, bainfidh siad é ionas nach mbeidh sé le feiceáil sa tír ina bhfuil tú. Más amhlaidh an cás, féadfaidh tú ríomhphost mar seo a fháil.




Coimisiún na Meán

# An chaoi le hábhar mídhleathach a thuairisciú ar aip YouTube

8

Má easaontaíonn an t-ardán go bhfuil an t-ábhar mídhleathach, ní bhainfidh siad an t-ábhar agus gheobhaidh tú ríomhphost mar seo. Is féidir leat **achomharc** a dhéanamh ar an gcinneadh seo.




# An chaoi le hábhar díobhálach a thuairisciú i bhfíseáin ar aip YouTube

**1**

Chun ábhar díobhálach, nó sárú ar théarmaí agus coinníollacha/treoirlínte pobail YouTube a thuairisciú, beidh ort logáil isteach.

**2**

Ar an gcaoi chéanna le hábhar mídhleathach a thuairisciú, faoin bhfíseán ar mhaith leat a thuairisciú, tapálann tú ar an mbratach **thuairiscithe**. B'fhéidir go mbeidh ort scrollú trasna ar do ghuthán chun é seo a fheiceáil.




Coimisiún na Meán

# An chaoi le hábhar díobhálach a thuairisciú i bhfíseáin ar aip YouTube

YouTube

3


Roghnaigh catagóir d'ábhar díobhálach ón liosta anuas.



# An chaoi le hábhar díobhálach a thuairisciú i bhfíseáin ar aip YouTube

4

Bunaithe ar an gcatagóir a roghnaíonn tú, b’fhéidir go n-iarrfar ort tuilleadh sonraí a líonadh isteach faoi do thuairisciú, más mian leat é sin a dhéanamh.




# An chaoi le hábhar díobhálach a thuairisciú i bhfíseáin ar aip YouTube

YouTube

5

Nuair a bhrúnn tú ar **tuairiscigh**, tuairisceofar an físeán láithreach. Gheobhaidh tú freagra uathoibrithe ina gcuirfear na chéad chéimeanna eile in iúl duit.




Coimisiún na Meán

# An chaoi le hábhar díobhálach a thuairisciú i bhfíseáin ar aip YouTube

YouTube

## 6

Ba cheart duit **ríomhphost deimhnithe** a fháil a sholáthraíonn nasc freisin inar féidir leat dul chun cinn do thuairisce a rianú.


YouTube

Hello

Thank you for your video report on July 3, 2025. We'll take a careful look at this content.

**What happens next**

After our review, we may:

- Remove the content, if it violates our Community Guidelines
- Place restrictions on it, if it's not suitable for some audiences
- Keep the content up, if it doesn't violate our Community Guidelines

CHECK REPORT STATUS

Report ID: c246cd95-421e-4e92-9e6a-2950d96a82f0.

**Staying safe on YouTube**

We want you to feel safe when you're on YouTube. To avoid seeing certain content, you can also block comments or users. Explore resources about the policies and tools we have to help protect you on YouTube.

Thanks,
The YouTube team

Ní bhfaighidh tú aon ríomhphost eile maidir leis an gcinneadh an t-ábhar seo a bhaint nó gan é a bhaint, ach is féidir leat stádas do thuairisce a sheiceáil le nuashonrú a fháil. Is féidir leat do **stair thuairiscithe** a fháil freisin trí **www.youtube.com/reporthistory** a chuardach.


Coimisiún na Meán

# An chaoi le hábhar díobhálach a thuairisciú i bhfíseáin ar aip YouTube

YouTube

7

Má fheiceann tú na focail **srianta** nó **bainte** in aice le d'ábhar tuairiscithe, ciallaíonn sé sin go **n-aontaíonn** an t-ardán **le do thuairisc ar ábhar díobhálach** agus go bhfuil bearta déanta aige chun an t-ábhar a bhaint nó a shrianadh ón ardán.




Má deir an stádas **beo**, rinne an t-ardán measúnú ar do thuairisc agus níor aontaigh sé léi. Chinn siad gan é a bhaint toisc nach gceapann siad go sáraíonn sé a dTreoirlínte Comhphobail ná a dtéarmaí agus coinníollacha. Mura bhfuil tú sásta le cinneadh an ardáin, is féidir leat **achomharc** a dhéanamh tar éis 24 uair an chloig trí úsáid a bhaint as an gcnaipe achomhairc.

# Naisc chuig acmhainní breise

**Séanadh:** Cuireann na treoracha seo samplaí agus faisnéis ar fáil chun cabhrú leis an bpobal na modhanna tuairiscithe ar YouTube a thuiscint ó Mheán Fómhair 2025. Léirithe amháin atá iontu, ní comhairle dlí iad agus ní léiríonn siad tuairimí ná barúlacha Choimisiún na Meán, lena n-áirítear cibé an gcomhlíonann na modhanna tuairiscithe na ceanglais rialála ábhartha nó nach gcomhlíonann. Ó am go ham, d'fhéadfadh modhanna tuairiscithe ar Youtube athrú agus déanfaimid iarracht na treoracha seo a choinneáil cothrom le dáta.

YouTube

## Treoirlínte Pobail YouTube

Foghlaim conas a mhíníonn YouTube na rialacha d'úsáideoirí agus tugann sé breac-chuntas ar na rudaí ar cheart agus nár cheart a roinnt ar an ardán **www.youtube.com/intl/ALL_in_one/howyoutubeworks/policies/community-guidelines**

Tuilleadh eolais faoi conas tuairisciú ar YouTube **support.google.com/youtube/answer/2802027?hl=en&co=GENIE.Platform%3DAndroid**

## Acmhainní Choimisiún na Meán

Le haghaidh tábla cabhrach dlíthe in Éirinn, tabhair cuairt ar **www.cnam.ie/ga/an-pobal-ginearalta/sabhailteacht-ar-line/ceard-is abhar-midhleathach-ann**

Féach ár dtreoracha agus ár n-acmhainní eile ag **www.cnam.ie/ga/an-pobal-ginearalta/treoracha-acmhainni**